**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*Suí iomlánach*

**A9-0023/2020**

26.2.2020

# TUARSCÁIL

ina bhfuil tairiscint i gcomhair rún neamhreachtach ar an dréachtchinneadh ón gComhairle maidir le Prótacal chur chun feidhme an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh idir an Comhphobal Eorpach agus Poblacht Cabo Verde (2019-2024) a thabhairt i gcrích
(08662/2019 – C9-0004/2019 – 2019/0078M(NLE))

An Coiste um Iascach

Rapóirtéir: Cláudia Monteiro de Aguiar

PR_Consent_Motion

## CLÁR

**Leathanach**

TAIRISCINT I gCOMHAIR RÚN NEAMHREACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA ....................3

TUAIRIM ÓN gCOISTE UM FHORBAIRT ....................9

AN NÓS IMEACHTA – COISTE FREAGRACH ....................14

VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH........15

## TAIRISCINT I gCOMHAIR RÚN NEAMHREACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

**ar an dréachtchinneadh ón gComhairle maidir le Prótacal chur chun feidhme an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh idir an Comhphobal Eorpach agus Poblacht Cabo Verde (2019-2024) a thabhairt i gcrích**
**(08662/2019 – C9-0004/2019 – 2019/0078M(NLE))**

*Tá Parlaimint na hEorpa*,

– ag féachaint don dréachtchinneadh ón gComhairle (08662/2019),

– ag féachaint don Phrótacal ar chur chun feidhme an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh idir an Comhphobal Eorpach agus Poblacht Cabo Verde (2019-2024) (08668/2019),

– ag féachaint don iarraidh ar thoiliú a thíolaic an Chomhairle i gcomhréir le hAirteagal 43(2) agus le hAirteagal 218(6), an dara fomhír, pointe (a)(v), agus le hAirteagal 218(7) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) (C9-0004/2019),

– ag féachaint dá rún reachtach an ... 2020[1] maidir leis an dréachtchinneadh,

– ag féachaint d'Airteagal 31(4) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir leis an gComhbheartas Iascaigh (CBI)[2],

– ag féachaint dá rún an 12 Aibreán 2016 maidir le rialacha comhchoiteanna i ndáil le cur i bhfeidhm na gné seachtraí de CBI, lena n-áirítear comhaontuithe iascaigh[3],

– ag féachaint don tuarascáil deiridh ó Feabhra 2018 dar teideal 'Staidéar meastóireachta *ex post* agus *ex ante* ar an gComhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Cabo Verde',

– ag féachaint do Riail 105(2) dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Fhorbairt,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Iascach (A9-0023/2020),

A. de bhrí go bhfuil an Coimisiún agus Rialtas Cabo Verde i ndiaidh comhaontú comhpháirtíochta iascaigh inbhuanaithe nua (SFPA idir AE agus Cabo Verde), agus prótacal cur chun feidhme, go ceann tréimhse de shé bliana a chaibidliú;

B. de bhrí gurb é an aidhm fhoriomlán atá le SFPA idir AE agus Cabo Verde ná méadú a

---

[1] Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(0000)0000.
[2] IO L 354, 28.12.2013, lch. 22.
[3] IO C 58, 15.2.2018, lch. 93.

dhéanamh ar an gcomhar idir AE agus Cabo Verde maidir le hiascaigh, chun leasa an dá pháirtí, trí bheartas inbhuanaithe iascaigh agus saothrú inbhuanaithe acmhainní iascaigh a chur chun cinn i limistéar eacnamaíoch eisiach (LEE) Cabo Verde;

C. de bhrí go raibh glacadh na ndeiseanna iascaireachta faoin SFPA idir AE agus Cabo Verde a bhí ann roimhe seo idir 58 % agus 68 %, agus bhí úsáid mhaith ann do bháid saighne agus úsáid mheasartha do bháid spiléireachta agus do shoithí cuaille agus dorú;

D. de bhrí gurb ionann siorcanna agus 20 % de ghabhálacha, ach mar gheall ar easpa sonraí eolaíocha, d'fhéadfadh sé nach mbeadh an figiúr iomlán cruinn agus go bhféadfadh sé a bheith i bhfad níos airde;

E. de bhrí gur cheart do SFPA idir AE agus Cabo Verde forbairt inbhuanaithe níos éifeachtaí ar phobail iascaireachta Cabo Verde agus ar thionscail agus gníomhaíochtaí gaolmhara, lena n-áirítear eolaíocht iascaigh, a chur chun cinn; de bhrí nach mór don tacaíocht a chuirfear ar fáil faoin bPrótacal a bheith comhsheasmhach leis na pleananna forbartha náisiúnta agus leis an bPlean Gníomhaíochta don Fhás Gorm maidir le forbairt laistigh de theorainneacha éiceolaíocha, a ceapadh i gcomhar leis na Náisiúin Aontaithe chun an táirgeadh san earnáil a mhéadú agus chun riachtanais bia agus fostaíochta an phobail áitiúil a chomhlíonadh ar bhonn gairmiúil;

F. de bhrí gur cheart go dtacófar freisin faoi SFPA le gealltanais AE faoi chomhaontuithe idirnáisiúnta, eadhon Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe (SFInna), go háirithe SFI 14, agus de bhrí nach mór do ghníomhaíochtaí AE uile, lena n-áirítear SFPA, rannchuidiú leis na cuspóirí sin;

G. de bhrí go bhfuil AE, tríd an gCiste Eorpach Forbraíochta, ag cur buiséad ilbhliantúil de EUR 55 mhilliún ar fáil do Cabo Verde, faoina ndírítear ar réimse amháin go príomha, eadhon an Conradh um Dhea-rialachas agus Forbairt (CDRF);

H. de bhrí gur cheart go rannchuideodh SFPA le hearnáil an iascaigh i Cabo Verde a chur chun cinn agus a fhorbairt agus de bhrí gur gá bonneagar bunúsach, amhail calafoirt, láithreáin tuirlingthe, saoráidí stórála agus monarchana próiseála, a thógáil nó a athchóiriú;

I. de bhrí gur gá Parlaimint na hEorpa a chur ar an eolas go hiomlán agus láithreach, ag gach céim, faoi nósanna imeachta a bhaineann leis an bPrótacal agus lena athnuachan;

1. den tuairim gur cheart go saothródh an SFPA idir AE agus Cabo Verde dhá sprioc atá chomh tábhachtach le chéile: (1) go bhforálfar deiseanna iascaireachta do shoithí an Aontais i LEE Cabo Verde, bunaithe ar an eolas agus an chomhairle eolaíoch is fearr atá ar fáil agus gan cur isteach ar bhearta caomhnaithe agus bainistithe atá ar siúl ag eagraíochtaí réigiúnacha ina bhfuil Cabo Verde páirteach – go háirithe an Coimisiún Idirnáisiúnta um Chaomhnú Thuinnníní an Atlantaigh (ICCAT) – agus gan dul thar an mbarrachas atá ar fáil; agus (2) chun níos mó comhar eacnamaíoch, airgeadais, teicniúil agus eolaíoch idir AE agus Cabo Verde i réimse acmhainní iascaigh inbhuanaithe agus saothrú fónta ar acmhainní iascaigh i LEE Cabo Verde a chur chun cinn, agus ag an am céanna gan an bonn a bhaint de roghanna agus straitéisí ceannasacha Cabo Verde a bhaineann lena fhorbairt féin; á mheas, ag an am céanna agus i bhfianaise ardluacha na bitheolaíochta muirí in uiscí Cabo Verde, gur cheart go ráthófar sa chomhaontú go

nglacfar bearta chun iascaireacht thaismeach ag soithí AE i LEE Cabo Verde a mhaolú;

2. den tuairim gur cheart bearta a ghlacadh chun a ráthú nach rachfar thar an tonnáiste tagartha a shonraítear sa chomhaontú;

3. ag tarraingt aird ar thorthaí na measúnaithe siarghabhálacha agus fadbhreathnaitheacha ar an bPrótacal a ghabhann leis an SFPA idir AE agus Cabo Verde, a rinneadh i mí na Bealtaine 2018, agus inar luadh gur léir an Prótacal a bheith, ar an mórgóir, éifeachtach, éifeachtúil, iomchuí do na leasanna lena mbaineann, agus comhsheasmhach le beartas earnálach Cabo Verde agus go raibh na geallsealbhóirí an-toilteanach glacadh leis, agus inar moladh go mbeadh an rogha ann prótacal nua a thabhairt chun críche; ag cur béim ar an bhfíoras go bhfuil raon feidhme ann le dul chun cinn níos éifeachtaí a dhéanamh ó thaobh comhar iascaireachta idir AE agus Cabo Verde de, agus á mheas gur cheart, dá bhrí sin, go rachadh an prótacal nua níos faide ná na prótacail roimhe seo maidir leis an gcomhaontú seo a chur chun feidhme, go háirithe maidir le tacú le hearnáil iascaidh Cabo Verde a fhorbairt;

4. ag tacú leis an ngá atá le dul chun cinn suntasach a dhéanamh i bhforbairt earnáil an iascaigh i Cabo Verde, lena n-áirítear tionscal na hiascaireachta agus gníomhaíochtaí gaolmhara, agus á iarraidh ar an gCoimisiún gach beart is gá a ghlacadh, lena n-áirítear an chuid den chomhaontú atá dírithe ar thacaíocht earnála a threisiú agus b'fhéidir í a athbhreithniú, mar aon le coinníollacha a chruthú chun ráta ionsúcháin na tacaíochta sin a mhéadú;

5. á mheas nach mbainfidh an SFPA idir AE agus Cabo Verde a chuspóirí amach mura rannchuideoidh sé le méadú an bhreisluacha i Cabo Verde mar thoradh a acmhainní iascaigh a shaothrú;

6. ag áitiú nach mór SFPA idir AR, agus Cabo Verde agus an Prótacal a ghabhann leis, a ailíniú leis na pleananna náisiúnta forbartha agus leis an bPlean don Fhás Gorm maidir le forbairt laistigh de theorainneacha éiceolaíocha earnáil an iascaigh i Cabo Verde, ar réimsí tosaíochta iad do thacaíocht AE agus dá bhfuil gá an cúnamh teicniúil agus airgeadais a theastaíonn a chur chun úsáide, agus ba cheart, i dtaca leo sin, na nithe seo a leanas a dhéanamh:

   – acmhainneacht institiúideach a neartú agus rialachas a fheabhsú trí reachtaíocht a dhréachtú, cur le pleananna bainistíochta agus tacú le cur chun feidhme na reachtaíochta agus na bpleananna bainistíochta sin;

   – faireachán, rialú agus faireachas a neartú i LEE Cabo Verde agus sna ceantair máguaird;

   – neartú a dhéanamh ar bhearta chun iascaireacht neamhdhleathach, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte (NNN) a chomhrac, lena n-áirítear in uiscí intíre;

   – comhpháirtíochtaí a neartú le tíortha eile a bhfuil spéis acu i ngníomhaíochtaí iascaireachta i LEE Cabo Verde, eadhon trí chomhaontuithe iascaigh, agus trédhearcacht a áirithiú trí aon ábhar a ghabhann leis sin a fhoilsiú, agus trí chlár réigiúnach chun breathnóirí a oiliúint agus a úsáid a bhunú;

– tacaíocht a thabhairt do bhunú agus d'fheabhsú cláir bailithe sonraí a chuireann ar chumas údaráis Cabo Verde tuiscint a fháil ar na hacmhainní atá ar fáil agus tacú le measúnú eolaíoch acmhainní, a mbeidh sé mar thoradh air go mbeidh cinnteoireacht bunaithe ar an eolas eolaíoch is fearr atá ar fáil;

– tógáil agus/nó athchóiriú bonneagar iomchuí le haghaidh iascaigh agus na gníomhaíochtaí a bhaineann leis sin a chumasú, amhail céanna agus calafoirt chun teacht i dtír (ar mhórscála agus ar mhionscála araon, mar shampla calafort Mindelo, oileán São Vicente), láithreacha stórála agus próiseála iasc, margaí, bonneagar le haghaidh dáilte agus margaíochta, agus saotharlanna anailíse cáilíochta;

– tacú le hoibrithe uile agus dálaí oibre a fheabhsú dóibh, go háirithe do mhná a oibríonn i ngníomhaíochtaí a bhaineann leis an iascaireacht, lena n-áirítear tráchtálú ach chomh maith leis sin trasfhoirmiú, bainistiú iascaigh agus eolaíocht;

– tacú leis an eolas eolaíoch a bhfuil gá leis chun limistéir mhuirí faoi chosaint a bhunú, lena n-áirítear a gcur chun feidhme, agus faireachán agus rialú a dhéanamh orthu;

– srian a chur le foghabhálacha de speicis íogaire, amhail turtair mhara;

– treisiú eagraíochtaí ina ndéantar ionadaíocht ar fhir agus ar mhná in earnáil na hiascaireachta a chumasú, go háirithe iad siúd a bhíonn ag plé le hiascaigh ar mhionscála, agus ar an gcaoi sin, a chabhraíonn le hinniúlachtaí teicniúla, bainistíochta agus caibidlíochta a neartú;

– go rannchuideofar le hionaid oiliúna bhunúsacha agus ghairmoiliúna a chur ar bun agus/nó a athchóiriú, agus ar an gcaoi sin leibhéil scileanna na n-iascairí, na maraithe agus na mban in earnáil an iascaigh agus i ngníomhaíochtaí eile a bhaineann leis an ngeilleagar gorm a ardú;

– bearta a neartú chun daoine óga a spreagadh chun dul i mbun na hiascaireachta;

– inniúlachtaí taighde eolaíoch agus an cumas chun faireachán a dhéanamh ar acmhainní iascaigh agus ar an muirthimpeallacht;

– feabhas a chur ar inbhuanaitheacht acmhainní muirí trí chéile;

7. á chur in iúl gur geal léi nach bhfuil éisc bheaga pheiligeacha i gceist leis an gcomhaontú, ar éisc iad atá an-tábhachtach don phobal áitiúil agus nach bhfuil aon bharrachas ann ina leith;

8. á chur in iúl gur cúis bhuartha di tionchar na ngníomhaíochtaí iascaireachta a d'fhéadfadh a bheith díobhálach do líon na siorcanna i LEE Cabo Verde;

9. á mheas go bhfuil gá le measúnú níos sonraí ar na tairbhí a dhéanann cur chun feidhme an Phrótacail do gheilleagair áitiúla (fostaíocht, bonneagar, feabhsuithe sóisialta);

10. á mheas go bhfuil sé inmhianaithe feabhas a chur ar chainníocht agus ar cháilíochta na

sonraí maidir leis na gabhálacha ar fad (spriocspeicis agus foghabhálacha), ar stádas caomhantais acmhainní iascaigh agus ar thionchar na ngníomhaíochtaí iascaireachta sa mhuirthimpeallacht, agus chun feabhas a chur ar chistiú tacaíochta earnála a chur chun feidhme chun gur féidir measúnú níos cruinne a fháil ar thionchar an chomhaontaithe ar an éiceachóras muirí, ar acmhainní iascaireachta agus ar phobail áitiúla, lena n-áirítear a thionchar sóisialta agus eacnamaíoch;

11. á mheas, i bhfianaise dhúnadh féideartha na n-iascach nó srian a bheith curtha orthu, gur cheart aghaidh a thabhairt ar riachtanais iascaireachta áitiúla i dtosach, ar bhonn comhairle eolaíoch iontaofa, chun a áirithiú go bhfuil na hacmhainní inbhuanaithe;

12. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar údaráis Cabo Verde feabhas a chur ar bhailiú sonraí agus faireachán ar stoic i gcomhthéacs na ró-iascaireachta, agus béim ar leith á leagan ar shiorcanna;

13. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit, ina gcomhar agus ina mbeartais oifigiúla cúnaimh um fhorbairt atá dírithe ar Cabo Verde, a chur san áireamh gur cheart go mbeadh an Ciste Eorpach Forbraíochta agus an tacaíocht earnála a leagtar síos san SFPA seo ag tacú lena chéile chun rannchuidiú leis an earnáil iascaigh áitiúil a neartú agus chun a áirithiú go mbeadh ceannasacht ag an tír ar a hacmhainní féin; á iarraidh ar an gCoimisiún éascú a dhéanamh, trí CEF agus ionstraimí eile iomchuí, ar na céimeanna a bhfuil gá leo chun bonneagar a chur ar fáil, ar rud é mar gheall ar an scála agus na costais a bhaineann leis, nach féidir a thógáil le tacaíocht earnála faoi chreat SFPA agus ar an mbealach sin amháin, mar shampla calafoirt iascaireachta (ar mhórscála agus ar mhionscála araon);

14. ag tacú leis an ngá atá ann ranníocaíocht SFPA a mhéadú chun poist dhíreacha agus indíreach a chruthú ar leibhéal áitiúil, ar shoithí a oibríonn faoi SFPA nó i ngníomhaíochtaí iascaireachta réamhtheachtacha agus iartheachtacha araon; á mheas go bhféadfaidh ról tábhachtach a bheith ag na Ballstáit agus go bhféadfaidh siad páirt ghníomhach a ghlacadh in iarrachtaí fothaithe acmhainneachta agus in iarrachtaí oiliúna chun na críche sin;

15. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit a gcomhar le Cabo Verde a neartú tuilleadh, chun féidearthachtaí a mheas chun cabhair um fhorbairt a fheabhsú amach anseo, go háirithe faoin Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta (NDICI) a moladh mar chuid de bhuiséad AE do 2021-2027, agus go háirithe dea-úsáid chistí AE i Cabo Verde agus cobhsaíocht pholaitiúil na tíre i gcomhthéacs geopholaitiúil casta, ar nithe iad a bhfuil gá tacú leo agus iad a chúiteamh, á gcur san áireamh;

16. á iarraidh ar an gCoimisiún tathanta ar Phoblacht Cabo Verde an ranníocaíocht airgeadais arna cur ar fáil ag an bPrótacal a úsáid chun a earnáil iascaireachta náisiúnta a neartú san fhadtéarma, chun éileamh ar thionscadail infheistíochta agus tionsclaíochta áitiúla a spreagadh, agus chun fás geilleagair ghoirm inbhuanaithe a spreagadh, agus ar an gcaoi sin poist áitiúla a chruthú agus borradh a chur faoi tharraingteacht gníomhaíochtaí iascaireachta i measc na nglúnta níos óige;

17. á iarraidh ar an gCoimisiún miontuairiscí agus conclúidí chruinnithe an Choiste Chomhpháirtigh dá bhforáiltear in Airteagal 9 den chomhaontú agus torthaí na

meastóireachtaí bliantúla, a chur chuig an bParlaimint agus a chur ar fáil go poiblí; á iarraidh ar an gCoimisiún cead a thabhairt d'ionadaithe ó Pharlaimint na hEorpa freastal ar chruinnithe an Choiste Chomhpháirtigh mar bhreathnóirí agus rannpháirtíocht phobail iascaireachta Cabo Verde agus gheallsealbhóirí gaolmhara a spreagadh;

18. á mheas gur cheart faisnéis a thiomsú ar na tairbhí a dhéanann cur chun feidhme an Phrótacail do gheilleagair áitiúla (fostaíocht, bonneagar, feabhsuithe sóisialta);

19. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar an gComhairle, ag gníomhú dóibh laistigh de theorainneacha a gcumhachtaí féin, chun an Pharlaimint a choinneáil ar an eolas go hiomlán agus láithreach bonn ag gach céim de na nósanna imeachta a bhaineann leis an bPrótacal agus, i gcás inarb infheidhme, a athnuachan, de bhun Airteagal 13(2) den Conradh ar an Aontas Eorpach agus Airteagal 218(10) CFAE;

20. ag tarraingt aird an Choimisiúin, agus na Comhairle go háirithe, ar an bhfíoras nach bhfuil sé i gcomhréir le prionsabail threoracha an Chomhaontaithe Idirinstitiúidigh maidir le Reachtóireacht Níos Fearr, leanúint ar aghaidh le cur i bhfeidhm sealadach comhaontaithe idirnáisiúnta sula dtugann Parlaimint na hEorpa a toiliú, go maolaíonn an cleachtas sin stádas na Parlaiminte agus í ar an t-aon institiúid de chuid AE a thoghtar go díreach, agus go ndéanann sé damáiste do dhintiúir dhaonlathacha AE ar an iomlán;

21. á iarraidh ar an gCoimisiún na moltaí atá i SFPA idir AE agus Cabo Verde a chomhtháthú ar dhóigh níos fearr, agus iad a chur san áireamh, mar shampla, sna nósanna imeachta a bhaineann le hathnuachan an Phrótacail;

22. á threorú dá hUachtarán an rún seo a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún, agus chuig rialtais na mBallstát, agus chuig Rialtas agus Parlaimint Phoblacht Cabo Verde.

3.12.2019

## TUAIRIM ÓN gCOISTE UM FHORBAIRT

chuig an gCoiste um Iascach

maidir leis an tairiscint i gcomhair rún neamhreachtach ar an dréachtchinneadh ón gComhairle maidir le Prótacal chur chun feidhme an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh idir an Comhphobal Eorpach agus Poblacht Cabo Verde (2019-2024) a thabhairt i gcrích
(2019/0078M(NLE))

Rapóirtéir don tuairim: Catherine Chabaud

## MOLTAÍ

Iarrann an Coiste um Fhorbairt ar an gCoiste um Iascach, mar an coiste atá freagrach, na moltaí seo a leanas a ionchorprú ina thairiscint i gcomhair rúin:

1. tugann sé dá aire, i gcomhthéacs ró-iascaireacht na n-acmhainní iascaigh agus i gcomhthéacs ina bhfuil gealltanas tugtha ag an Aontas Eorpach na spriocanna forbartha inbhuanaithe (SFInna) a bhaint amach, go háirithe sprioc Uimh. 14 arb é is aidhm di na haigéin, na farraigí agus na hacmhainní muirí a chaomhnú agus a úsáid ar bhealach inbhuanaithe ar mhaithe leis an bhforbairt inbhuanaithe, go bhfuil méadú de 60% ar an tonnáiste tagartha nua i gcomparáid leis an bprótacal reatha; iarrann sé, dá bhrí sin, go ndéanfaí grinnfhaireachán ar staid na stoc, agus aird ar leith á tabhairt ar shiorcanna peiligeacha, atá leochaileach de réir na n-eolaithe;

2. iarrann sé go ndearbhófaí go sainráite i ngach comhaontú comhpháirtíochta iascaigh inbhuanaithe do chabhlach cianuisce an Aontais Eorpaigh go bhfuil sé éigeantach bearta a úsáid chun foghabháil éisc a laghdú;

3. iarann sé ar an gCoimisiún Eorpach agus ar Cabo Verde faisnéis níos mionsonraithe a sholáthar maidir leis na héifeachtaí carnacha atá ag na comhaontuithe éagsúla iascaigh sa chrios eacnamaíoch eisiach i dtrácht ar an acmhainn iascaigh, agus ar fhorbairt gníomhaíochtaí a bhaineann le hiascach thionsclaíoch sa réigiún;

4. measann sé, i bhfianaise an iomad dúshlán atá roimh Cabo Verde, gur cheart go mbeadh an Prótacal agus an ranníocaíocht airgeadais ag rannchuidiú leis na tosaíochtaí seo a leanas:

   – geilleagar gorm inbhuanaithe a chur chun cinn trí thacú le hiascaigh áitiúla ar mhionscála, leis an slabhra fuar, le nuachóiriú ar bhonneagar calafoirt, le sláinteachas agus le sábháilteacht bia, agus le rannpháirtíocht na mban agus

daoine óga a neartú san iascach áitiúil, a bhfuil ról tábhachtach acu maidir le margaíocht agus próiseáil;

– iascach ar mhionscála a thacú agus rannpháirtíocht pobal iascaireachta a fheabhsú i dtaca le cinntí maidir le gníomhaíochtaí atá le déanamh faoi thacaíocht earnála, mar shampla tacaíocht i bhfoirm oiliúna;

– feabhas a chur ar eolas agus ar chomhar eolaíoch sa réigiún aigéin sin, trína chur ar chumas eolaithe áitiúla dul isteach ar bháid iascaigh atá ag oibriú sa chrios sin, i bhfianaise Dheich mBhliana na hEolaíochta Aigéin um Fhorbairt Inbhuanaithe de chuid na Náisiún Aontaithe (2021-2030) d'fhonn feasacht a mhéadú i measc na bpobal áitiúil maidir leis an eolas atá ann, agus an leas a d'fhéadfaidís a bhaint as an eolas sin;

– forbairt eacnamaíoch áitiúil a chothú agus pobail chósta a bhfuil a mbrath ar acmhainní muirí a neartú;

– páirt a ghlacadh i rannchuidiú uaillmhianach ó AE agus ó Cabo Verde le Deich mBliana Idirnáisiúnta na hEolaíochta Aigéin don Fhorbairt Inbhuanaithe;

– tacaíocht earnála le haghaidh faireacháin, rialaithe agus faireachais a neartú chun iascaireacht neamhdhleathach, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte a chosc, go háirithe tríd an rialachas a fheabhsú, trí chur le cumais gníomhaithe áitiúla, trí oiliúint agus comhar leis an riarachán áitiúil ach trí theicnící nuálacha faireachais a chur i bhfeidhm chomh maith amhail córas faireacháin satailíte do shoithí iascaireachta, go háirithe i gcás oileán beag a bhfuil orthu gníomhaíochtaí iascaireachta a bhainistiú laistigh de 200 míle dá limistéar eacnamaíoch eisiach;

– a chumasú don Aontas Eorpach agus do Phoblacht Cabo Verde, i gcomhréir le haidhm an phrótacail, obair níos dlúithe a dhéanamh le chéile chun beartas iascaigh inbhuanaithe agus saothrú inbhuanaithe acmhainní iascaigh a chur chun cinn in uiscí Cabo Verde, agus gach cineál ró-iascaireachta a sheachaint i limistéar eacnamaíoch eisiach Cabo Verde;

– an truailliú a chomhrac trí thacú le bailiú plaisteach ag iascairí áitiúla;

5. iarrann sé go mbeadh trédhearcacht ann maidir leis an úsáid a bhaintear as cistiú earnálach an Aontais Eorpaigh chun faireachán níos fearr a dhéanamh; iarrann sé, dá bhrí sin, go mbeadh comhar níos dlúithe idir seirbhísí éagsúla an Choimisiúin lena mbaineann agus molann sé go bhféadfadh toscaireacht an Aontais i Cabo Verde rannchuidiú le faireachán a dhéanamh ar an bprótacal sin;

6. meabhraíonn sé gur cheart go mbeadh sonraí eolaíocha i gcónaí mar bhonn do phróiseas chinnteoireachta an Aontais Eorpaigh, agus Prótacal á athnuachan, ionas go mbeidh an tAontas Eorpach in ann a ghealltanais chomhshaoil a chomhlíonadh;

7. áitíonn sé go ndéanfaí an comhaontú seo a oiriúnú do riachtanais agus tosaíochtaí Cabo Verde, go háirithe iad siúd a luadh sa phlean do gheilleagair ghoirm Cabo Verde;

8. iarann sé ar an gCoimisiún Eorpach a áirithiú go socrófaí go sainráite leis an gCreat

Beartais leathnaithe Pan-Afracach um Iascach (APFS) go nglacfadh níos mó geallsealbhóirí (an tsochaí shibhialta, pobail áitiúla iascaireachta, eolaithe) ón dá thaobh páirt sa chaibidlíocht agus i gcur chun feidhme an Phrótacail;

9. molann sé gur cheart go mbeadh an comhaontú seo i gcomhréir le cláir eile, agus maoiniú á fháil acu ó dheontóirí agus comhpháirtithe idirnáisiúnta eile amhail an Banc Domhanda, an Eagraíocht Bhia agus Talmhaíochta na Náisiún Aontaithe nó Banc Forbartha na hAfraice, chun dúbláil iarrachtaí a sheachaint agus chun an pobal a chur ar an eolas maidir leis na foinsí éagsúla maoinithe tionscadal atá ann;

10. meabhraíonn sé gur acmhainní trasteorainn iad acmhainní muirí; iarrann sé, dá bhrí sin, d’fhonn straitéisí réigiúnacha agus domhanda a neartú le haghaidh rialaithe iascaigh le tríú tíortha, go ndéanfar éifeacht charnach na gcomhaontuithe iascaigh arna dtabhairt i gcrích le tíortha sa réigiún a chur san áireamh.

## NÓS IMEACHTA – AN COISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| | |
|---|---|
| **Teideal** | An Prótacal maidir le cur chun feidhme an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh idir an Comhphobal Eorpach agus Poblacht Cabo Verde (2019-2024) a thabhairt i gcrích |
| **Tagairtí** | 2019/0078M(NLE) |
| **Coiste freagrach** | PECH |
| **Coiste ar iarradh tuairim uaidh**<br>Dáta a fhógartha sa suí iomlánach | DEVE<br>24.10.2019 |
| **Rapóirtéir**<br>Dáta an cheapacháin | Catherine Chabaud<br>17.9.2019 |
| **Pléite sa choiste** | 7.11.2019 |
| **Dáta an ghlactha** | 3.12.2019 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 22<br>–: 2<br>0: 0 |
| **Feisirí a bhí i láthair don vótáil chríochnaitheach** | Hildegard Bentele, Dominique Bilde, Charles Goerens, Mónica Silvana González, Pierrette Herzberger-Fofana, György Hölvényi, Martin Horwood, Rasa Juknevičienė, Beata Kempa, Pierfrancesco Majorino, Lukas Mandl, Norbert Neuser, Michèle Rivasi, Louis Stedman-Bryce, Marc Tarabella, Tomas Tobé, Miguel Urbán Crespo, Chrysoula Zacharopoulou, Bernhard Zimniok |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair don vótáil chríochnaitheach** | Alessandra Basso, Stéphane Bijoux, Marlene Mortler, Caroline Roose, Carlos Zorrinho |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| 22 | + |
|---|---|
| ECR | Beata Kempa |
| GUE/NGL | Miguel Urbán Crespo |
| ID | Alessandra Basso, Bernhard Zimniok |
| PPE | Hildegard Bentele, György Hölvényi, Rasa Juknevičienė, Lukas Mandl, Marlene Mortler, Tomas Tobé |
| RENEW | Stéphane Bijoux, Charles Goerens, Martin Horwood, Chrysoula Zacharopoulou |
| S&D | Mónica Silvana González, Pierfrancesco Majorino, Norbert Neuser, Marc Tarabella, Carlos Zorrinho |
| VERTS/ALE | Pierrette Herzberger-Fofana, Michèle Rivasi, Caroline Roose |

| 2 | - |
|---|---|
| ID | Dominique Bilde |
| NI | Louis Stedman-Bryce |

| 0 | 0 |
|---|---|
| | |

Eochair:
+ : i bhfabhar
- : staonadh
0 : staonadh

## AN NÓS IMEACHTA – COISTE FREAGRACH

| | |
|---|---|
| **Teideal** | An Prótacal maidir le cur chun feidhme an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh idir an Comhphobal Eorpach agus Poblacht Cabo Verde (2019-2024) a thabhairt i gcrích |
| **Tagairtí** | 2019/0078M(NLE) |
| **Dáta an chomhairliúcháin / na hiarrata ar thoiliú** | 16.10.2019 |
| **Coiste freagrach**<br>Dáta a fhógartha sa suí iomlánach | PECH<br>24.10.2019 |
| **Coistí ar iarradh tuairim orthu**<br>Dáta a fhógartha sa suí iomlánach | DEVE 24.10.2019 / BUDG 24.10.2019 |
| **Gan tuairim a thabhairt**<br>Dáta an chinnidh | BUDG<br>24.9.2019 |
| **Rapóirtéirí**<br>Dáta an cheapacháin | Cláudia Monteiro de Aguiar<br>24.7.2019 |
| **Pléite sa choiste** | 20.1.2020 |
| **Dáta an ghlactha** | 19.2.2020 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 23<br>–: 2<br>0: 0 |
| **Feisirí a bhí i láthair don vótáil chríochnaitheach** | Clara Aguilera, François-Xavier Bellamy, Isabel Carvalhais, Rosa D'Amato, Giuseppe Ferrandino, João Ferreira, Søren Gade, Francisco Guerreiro, Anja Hazekamp, Niclas Herbst, France Jamet, Pierre Karleskind, Predrag Fred Matić, Francisco José Millán Mon, Cláudia Monteiro de Aguiar, Grace O'Sullivan, Manuel Pizarro, Caroline Roose, Bert-Jan Ruissen, Ruža Tomašić, Peter van Dalen |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair don vótáil chríochnaitheach** | Benoît Biteau, Nicolás González Casares, Gabriel Mato, Annalisa Tardino, Javier Zarzalejos |
| **Dáta don chur síos** | 26.2.2020 |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH

| 23 | + |
|---|---|
| ECR | Bert-Jan Ruissen, Ruža Tomašić |
| GUE/NGL | João Ferreira |
| ID | Annalisa Tardino |
| NI | Rosa D'Amato |
| PPE | François-Xavier Bellamy, Peter van Dalen, Niclas Herbst, Gabriel Mato, Francisco José Millán Mon, Cláudia Monteiro de Aguiar, Javier Zarzalejos |
| RENEW | Søren Gade, Pierre Karleskind |
| S&D | Clara Aguilera, Isabel Carvalhais, Giuseppe Ferrandino, Nicolás González Casares, Predrag Fred Matić, Manuel Pizarro |
| VERTS/ALE | Francisco Guerreiro, Grace O'Sullivan, Caroline Roose |

| 2 | - |
|---|---|
| GUE/NGL | Anja Hazekamp |
| ID | France Jamet |

| 0 | 0 |
|---|---|
| | |
| | |

Eochair:
+ : i bhfabhar
- : staonadh
0 : staonadh